Cuimhnigh leat meise, a Mhurchaidh
[RIA 1387 (23/O/78), 41]
[Deibhidhe, Dán Díreach]
The story told in this poem is referred to in *Fada an turus tug Eamhain*

1 Cuimhnigh meise leat a Mhurchaidh
a sgéith chorcra chomhurthaigh
cia ar narb feallta dhot h’uchd mbog
ad phurt da ndearntha dearmod.
2 As e ar ndearmad dod dhreich mhoill
gan t’aoibh d’fagháil go n-iarroinn
ar na clíaraibh gidh gnáth gráin
ní sgáth gan íarraidh mh’anáir.
3 Feach leat an leathtrom an roinn
a Mhurchaidh I Maoil [Fh]abhoill
ní dho gach cléir a chíabh lag
’s do chlíar bhudh-dhéin do dhearmad.
4 Nir dhearmadais doiligh leam
acht mise d’éigsibh Eireann
a réalta Ghaoidheal cá gráin
fár dhéanta aoinfhear d’fágbháil.
5 A Mhurchaidh Clíath caithfidh me
cumann nua ré neach eile
fam dhearmad daoibh tar gach ndroing
do sgaoil ceannghad ar ccumoinn.
6 Ar ndáil na dighe reachta
ro-m gabh réd ghnúis naoidheanta
ót éarla fiar craoibhréidh cas
treall am aoinleim dho fhóbras.
7 Fillidh bhur n-aigneadh uainne
ód-chíthí cléir n-éanuaire
do luathaigneadh do mhear me
o nuachaidreamh fhear oile.
8 Do mholadh móide dho-niam
a ttabhrae dhamh do dhímhiadh
créad acht bualadh fhir$^{r}$ uallaigh
[i]s ní ar uamhan t’anuabhair.
9 Na beir orm a fhir Dala
breith acht mar bhias mh’ealadha
ar meas ni móide bhus tearc
ná meas fá m’óige m’foirfeacht.
10 O bhias bhós a bárr na lúb
ceard óg ag an fhear shean-úd
gidh bé ara ccinnsiom lé a-le
ni hé sinnsior as sine.
11 Ag sin tu ’s(a) as tugtha dh’aoidh
ni fhuile acht a n-aois mhacaoimh
is ni fhoil a bhile Breagh
sine ar ghoil tar dho ghaisgeadh.

12 Feidhm laoich an lá bhus deabhuidh
ort is tú a n-aois óigleanuibh (lenuimh)
a throigh réidh bhróigshleamhuin bhog
ni céim óigleanuimh agod.
13 Ni chuala sinnsior go se [42]
do dhul tort a thúir Mhúisre
mo do-cuas léd chéibh leabhair
céim suas tar na sinnsearaibh.
14 As é an t-eineach a fhir Breagh
ro-d chuir ós cionn do shinnsear
ag so ar ngeall go horlamh as
nach d(e)arnadh earr budh iarmblas.
15 Maitheas na cruinne a chneas seang
fágbhuidh an fear nach caitheann
ni an gan dol muin ar mhuin
don chrodh acht an bladh bhrontuir.
16 Ni dílios duit a-deir breath
crodh acht a ccuire ar th’eineach
dílios dod bharr glan géagchas
an cradh an tan[n] tidhléacfas.
17 An conách a chiabh na ndos
re a sgaoileadh as eadh fhásas
ni soicheilte son mar sin
roiteirce an crodh nach caithtir.
18 Do-bheir Dia ni (doiligh) doirbh an bhreath
da gach neach do-ni an t-eineach
a mheic ghroidhigh bhuig Bhaltair
cuid an oinigh d’iomarcaidh.
19 Sgéal beag agum uime sin
do-chuala meise a Mhurchaidh
a thoradh go ttí ar mo sgéal
ní ar an ndomhan ni deimhnéamh.
20 Lá dhá riacht Brian an bhrogha
do mhíolradh bruaich Bóramha
nir lean is ní locfadh áth
an fear achd ochtar oglách.
21 Do sgar toisg éigin oile
re a ochtar Brian Bóroimhe
tarla ar ttriall na ngiolla nglan
Brian Sionna gus an Saoghal.
22 Beannaigheas do Bhrian Teamhrach
’na óglách ard ildhealbhach
da ríar go heagnaidh umhal
freagraidh Brian an beannughadh.
23 “Cia thú no cá tír a mbí
a óglaoigh” ar an t-ardrí (óglaoidh)
“tánag rúaig ar a bhfuil fáth
ná-m cuir uaid” ar an t-óglách.
24 “Me an Saoghal nach seachnaid fir

a mheic meic Lorcáin Luimnigh
mor dho bhiadh dhar seachna sonn
rian deabhtha gin go ndearnsom.”
25 “Fada a-nois a Bhriain Bhanbha
a-tú a n-oirchill t’agallmha”
“maith an uair” ar céann ó cCais
“uair budh fhearr nocha bfhuarais.”
26 “Ag súd an toisg thug a-le
meise a rí Eireann aoibhne
fiaghail ar t’feile o nach éir
d’iarraidh céile dhom choimhréir.”
27 “Ni as mó ina iasacht ní fhuil
ag aoinneach d’fhad a shaoghuil
mairg a fhlaith na ccleath ccorcra
nach caith an t-each íasochta.”
28 “As me an Saoghal a Bhriain bhinn
a-m caith agus ná[-m] coigill
na coigil mé a fhlaith o Luirc
as é mo mhaith mo mhalairt.”
29 Do reac an Saoghal sona
é fein re Brian Bóromha
nochar íarr fíach dhar iarr fear
ar Bhrian (a) cCliath acht a chaitheamh.
30 Do chaith Brían barr an aonaigh
bhréig ndiombuain an drochsaogha[i]l
ni thug an fhlaith ailseadh inn
táirseadh ar chaith re a choigill.
31 A-niú ni mhaireann Brian Breagh
táirnigh an crodh nach caithtear
beó a bhladh is budh beo go bráth
ni mhar acht mar cheo an conách.
32 A Mhorchuidh Ruidhe an ruisg glais
cuimhnigh an chuing do ghabhais
óir nacha mbí a bharr na sreath
ní as ní ánn acht an t-eineach.
33 Bréag na heich ’sa[n] t-ór buídhe
’s na cuirn a chinn Musgruidhe
bréag a fhlaith Bhearnais na ba
an mhaith nach dearnais déana.
34 Bás nach eagal dod chuid cruidh [43]
a mionchaitheamh a Mhurchaidh
caithfe a robhladh is a rath
ni hadhbhar t’aighthe d’ionnlach.
35 Ni bhi th’ór ni bhid do bha
ar taisgidh ceall na cófra
ni hionnmhas cofradh na ceall
th’ionnmhas ar orchradh nEireann.
36 Gidh be duine a-deir rut-sa
nach fuil ionnmhus agut-sa

a-ta a losaibh do chleath cclas
is a ccosaibh th’each th’ionnmhas.
37 Ór ni choimheadae na crodh
a Mhurchaidh Gréag na ngealchon
fiu an crodh an téachtghnaoi-sin tug
gan chor éantaoisigh uasud.
38 Ni chreidim gan da chroidhe
a fhlaith mhéirsheang Mhusgroidhe
croidhe cruaidh is croidhe bog
gan bhuain re ar-oile ionnod.
39 Bidh agad re haghuidh nGall
croidhe nach cruaidhe an t-iarrann
’s croidhe réidh nach cruaidh um chrodh
an uair as béin re bronnodh.
40 Croidhe bog ag bronnadh each
ionnad a threoin na ttaoiseach
bidh an uair oile a n-iomghuin
croidhe cruaidh a ccaithiorghuil.
41 Do chreacha um Chorcaig na ccladh
cruaidh chosantar bog bhronntar
neamhchruaidh gidh cruaidh do chroidhe
fa chreachbhuaibh chuain Chorcoidhe.
42 Do-chuaidh th’eineach a fhir Chlíach
a bhféile le fás t’ainbhfíach
a ccruas le gealgha dhod ghuin
dho-cuas gud mheanma a Mhurchaidh.
43 A Mhurchaidh Í Mhaoil Fábhuill
as geal bas a mbreaclamhuinn
acht dul uaid do mhuin mhuirne
ni fhuil ruaig nach rachuim-ne. Cuimhnigh...